C/2024/3195

8.5.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11470 – BASF / HARBOUR ENERGY / ASSETS OF WINTERSHALL DEA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3195)

1. An 2 Bealtaine 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— BASF SE ('BASF', an Ghearmáin),

— Harbour Energy Plc ('Harbour', an Ríocht Aontaithe),

— Wintershall NewCo GmbH ('Wintershall NewCo', an Ghearmáin), a mbeidh seilbh aige ar an ngnó de chuid Wintershall DEA AG ('Wintershall DEA', an Ghearmáin) nach bhfuil baint aige leis an Rúis.

Gheobhaidh BASF rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Harbour agus, go hindíreach, rialú aonair ar shócmhainní Wintershall DEA nach bhfuil baint acu leis an Rúis agus atá le bheith i seilbh na cuideachta nua-ionchorpraithe Wintershall NewCo.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta phoiblí faoi theorainn scaireanna é BASF a bhfuil a cheanncheathrú aige in Ludwigshafen am Rhein, an Ghearmáin, agus atá liostaithe ar stocmhalartán na Gearmáine in Frankfurt. Cruthaíonn BASF ceimic le haghaidh todhchaí inbhuanaithe sna réimsí a bhaineann le ceimic, ábhair, réitigh tionsclaíocha, teicneolaíochtaí dromchla, cothú & cúram, agus réitigh talmhaíochta,

— Is cuideachta ola agus gáis é Harbour a dtrádáiltear a scaireanna ar stocmhalartán Londain. Is ar an Ríocht Aontaithe a dhíríonn Harbour den chuid is mó, agus tá leasanna aige san Indinéis, i Vítneam, i Meicsiceo agus san Iorua freisin,

— Cuimsíonn Wintershall NewCo gnó taiscéalaíochta agus táirgthe Wintershall DEA arb é atá ann a shócmhainní táirgthe agus forbartha chomh maith le ceart taiscéalaíochta san Iorua, san Airgintín, sa Ghearmáin, i Meicsiceo, san Ailgéir, sa Libia (seachas Wintershall AG), san Éigipt agus sa Danmhairg (seachas Ravn), chomh maith le ceadúnais ghabhála agus stórála carbóin (GSC) arna ndeonú do Harbour ag Wintershall DEA.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11470 – BASF / HARBOUR ENERGY / ASSETS OF WINTERSHALL DEA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË